SCRÍBHNEOIR CÓNAITHE GAEILGE 2017-2018

Fáilteofar roimh iarratais ó scríbhneoirí Gaeilge aithnidiúla le haghaidh an phoist thuasluaite, atá á chómhaoiniú ag an gComhairle Ealaíon agus ag Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Tá an post deartha i dtreo is go gcuirfear deis ar leith ar fáil do scríbhneoir a c(h)leachtas cruthaitheach féin a fhorbairt i dtimpeallacht ollscoile agus an fhaill a thabhairt ag an am céanna do phobal na hOllscoile bheith i dteagmháil le scríbhneoir gníomhach. Tréimhse bliana acadúla a bheas i gceist leis an gceapachán agus beidh sé teoranta do scríbhneoirí nach raibh Cónaitheacht Scríbhneora de chuid na Comhairle Ealaíon acu cheana féin. Ar Champas na Naomh Uile, DCU a bheidh an té a cheapfar lonnaithe agus beidh táille €20,000 ag gabháil leis an ról.

Déanfaidh an té a cheapfar suas le sé huaire an chloig teagmhála in aghaidh na seachtaine thar dhá sheimeastar ina gcuirfear ceardlanna ar fáil agus ina nglacfaidh sé/sí páirt i dtograí cruthaitheacha eile i gcomhairle le Ceann Scoile Fiontar & Scoil na Gaeilge. Beidh saoirse ag an Scríbhneoir Cónaithe a clár saothair féin a chur chun cinn i rith thréimhsí saoire oifigiúla na hOllscoile.

Beifear ag súil go dtabharfaidh an té a cheapfar léachtaí, seimineáir agus ceardlanna ar ghnéithe éagsúla den scríbhneoireacht Ghaeilge chomhaimseartha. Tacóidh sé/sí le scríbhneoirí cruthaitheacha taobh istigh de phobal na hOllscoile, mar aon le léamha poiblí a thabhairt, agus ócáidí cruthaitheacha laistigh agus lasmuigh de phobal na hOllscoile a eagrú. Cuirfear fáilte roimh iarratais ó scríbhneoirí Gaeilge a chleachtann ceann ar bith de na réimsí seo a leanas: an drámaíocht, an fhilíocht, an ghearrscéalaíocht nó an úrscéalaíocht.

Chun iarratas a dhéanamh ar an bpost, ba chóir litir a réiteach ina leagfar amach na cúiseanna a bhfuil spéis ag an iarratasóir sa ról mar aon leis an gcaoi a bhféadfadh sé/sí cur le saol cruthaitheach na hOllscoile. Ba cheart CV reatha (gan dul thar 6 leathanach) a chur ar fáil freisin. Beidh sraith foilseachán ar ardchaighdeán ag an té a cheapfar.

Cuirtear an litir agus an CV leis an ngnáthphost nó an rphost chuig:

An tOllamh Ciarán Mac Murchaidh
Fiontar & Scoil na Gaeilge
Campas na Naomh Uile, DCU
Droim Conrach, BÁC 9
D09 N920
ciaran.macmurchaidh@dcu.ie

Sprioc iarratais: **5.00pm ar an 14 Iúil, 2017**

Beifear ag súil le hagallaimh a eagrú ag deireadh mhí Iúil nó go luath i mí Lúnasa.

IRISH-LANGUAGE WRITER-IN-RESIDENCE 2017-2018

Applications are welcomed from Irish-language writers of distinction for the abovementioned role, jointly funded by the Arts Council and Dublin City University.

The role is designed to provide a writer with a unique opportunity to develop his/her practice in a university environment while giving members of the University community the opportunity to engage with a practising writer. The appointment of Irish-language Writer-in-Residence is for one academic year and is open only to writers who have not previously held an Arts Council Writing Residency. The successful applicant will be based on the DCU All Hallows Campus and will receive a fee of €20,000.

The successful candidate will offer up to six contact hours per week over two semesters, and will oversee workshops and creative initiatives in consultation with the Head of School in Fiontar & Scoil na Gaeilge. The Writer-in-Residence will enjoy uninterrupted time to advance his/her own work during official University vacation periods.

The successful applicant will be expected to deliver lectures, classes and workshops on different aspects of contemporary writing in Irish. He/she will support the community of creative writers within the University, along with giving public readings and participating in organised literary events within and outside the University community. We welcome applications from Irish-language writers who work in any of the following genres: drama, poetry, short story or novel.

To apply for the position, applicants should submit a letter outlining the reasons for their interest in the role and the ways in which they might contribute to the creative life of the University. A current CV (maximum of 6 pages) should accompany the letter. Applicants will have a strong record of high-quality publications.

The letter and CV may be sent by post or by email to:

An tOllamh Ciarán Mac Murchaidh
Fiontar & Scoil na Gaeilge
Campas na Naomh Uile, DCU
Droim Conrach, BÁC 9
D09 N920
ciaran.macmurchaidh@dcu.ie

Deadline for applications: **5.00pm on 14 July, 2017**

It is anticipated that interviews will be held in late July or early August.